An Dr Brendan O’Hare, dochtúir teaghlaigh & iar-Chathaoirleach ar Ghrúpa Coimisiúnaithe Áitiúil an Iarthair, Comhpháirtíocht Cúraim Chomhtháite an Iarthair agus Coiste Leighis Áitiúil an Iarthair.

Tuairimí tosaigh ó na painéalaithe

Dúirt **an Dr Kieran Kennedy**, “Domsa, baineann sé le sláinte agus táinte agus le cur chuige bunaithe ar fhianaise a úsáid leis na buntáistí a dhíol chomh maith le tuilleadh sonraí a choimisiúnú”. Luaigh sé Tuarascáil 2007 - *Modelling Irish Reunification* a leag béim ar an fhéidearthacht go mbeadh an OTI céanna ag tuaisceart na hÉireann agus atá ag na 26 Contae. Leag Kennedy béim fosta ar an fhéidearthacht go mbeadh ‘torthaí sláinte níos fearr le hacmhainní aontaithe don tsláinte’. Mar fhocal scoir, dúirt sé go bhféadfadh leas a bhaint as an ráta íseal cánach corparáide a bhí i bhfeidhm sna 6 Chontae leis an gheilleagar a fhorbairt.

Luaigh **an tOllamh Malachy O’Neill** ceisteanna ar nós mic léinn a bheith in ann creidiúnú a fháil i ndlínse amháin agus taithí i ndlínse eile - lena n-áirítear forbairtí le déanaí maidir le mic léinn reatha leighis ó Ollscoil Uladh Magee atá ag obair sna 26 contae. Dúirt Ó Néill: “Ón Bhanna go dtí an tSionainn; tá cuibhreannas de spás taighde agus nuálaíochta tríú leibhéal againn”.

Dúirt **Annette Kelly** leis an lucht éisteachta nuair a bhí sí ina múinteoir go raibh ‘srian uirthi gan a bheith in ann múineadh i Muineachán mar shampla, ach go dtiocfadh liom taisteal go Doha i gCatar’. Dúirt Kelly faoi láthair, “Is gnólacht uile-Éireann í mo ghólacht-sa agus is as na 26 contae an chuid is mó den chustaim. Agus sin, “Is branda teaghlaigh Éireannach é agus daoine i dteagmháil ar fud an oileáin”.

Dúirt sí, “Ní dhíolann an córas oideachais oidhreacht ná cultúr, fiú ó thaobh oideachas Gaeilge de”. Agus sin, “Is é an meon aigne atá agam ná Deiseanna do Chách, is cuma cén áit as a dtagann tú- in Éirinn aontaithe”.





Ceisteanna ar an Phainéal

Cad é mar a thiocfadh le muintir Iarthar Thír Eoghain leas a bhaint as Aontacht na hÉireann?

Dúirt an Dr Kieran Kennedy go bhfuil an meánioncam ó dheas i bhfad níos airde ná an meánioncam ó thuaidh. Dúirt sé go bhfuil an OTI ó dheas ceithre huairde níos airde ná mar atá sé ó thuaidh. Thagair sé arís don Modelling Irish Unity Study go bhféadfaí an leibhéal OTI seo a bhaint amach laistigh de 8 mbliana. Creideann Kennedy, ‘Dá gcuirfí deireadh leis an dúbláil sa chóras sláinte agus seirbhísí eile, bheadh coigilteas suntasach i gceist’. Dúirt sé dá gcuirfí an ráta cánach corparáide níos ísle de 12.5% atá i bhfeidhm ó dheas faoi láthair i bhfeidhm ar bhonn uile-oileáin, go meallfadh sé comhlachtaí móra ilnáisiúnta ó thuaidh. Mhaígh sé go mbeadh ‘torthaí eacnamaíochta, sláinte agus eile níos fearr mar thoradh air seo agus go mbeidh margaíocht agus díol na mbuntáistí seo ríthábhachtach le haontacht na hÉireann a bhaint amach’.

Dúirt Annette Kelly gur iarmhúinteoir a bhí inti ach mar gheall ar na difríochtaí sna córais oideachais thuaidh agus theas, agus go háirithe an riachtanas Gaeilge don teagasc ó dheas, go raibh teorainn le deiseanna gairme ar bhonn uile-Éireann. Chuir Kelly i gcodarsnacht lena gnó ar líne, gnó atá go mór i bhfeidhm ar Éirinn agus léiríonn an rath a bhí air na féidearthachtaí agus na deiseanna atá ann do chách atá ag feidhmiú ar bhonn uile-Éireann.

Dúirt Malachy Ó Neill go bhfuil ‘bacainní maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí ar bhonn thuaidh/theas á laghdú nó á mbaint ar shiúl agus go bhfuil deiseanna gairme á gcur ar fáil ar bhonn uile-Éireann’.

Dúirt O’Neill, ‘Tá ollscoileanna chun tosaigh maidir le comhoibriú a fhorbairt ar bhonn uile-Éireann’. Luaigh sé cuibhreas taighde agus nuálaíochta Champas Mhig Aoidh/Choláiste Ollscoile na Gaillimhe mar shampla spreagúil den mhéid is féidir. Luaigh sé tionscnamh dar teideal Atlantic Futures atá maoinithe ag an Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte a nascann ollscoileanna ar fud an oileáin agus a bhfuil comhoibriú den scoth á tháirgeadh aige, rud a chruthaíonn athrú dearfach.

Is Gaeilgeoir í Grian Ní Dhaimhín - a rinne staidéar ar an Stair/Polaitíocht in QUB agus dúirt iar-Uachtarán QUBSU/LEAS-UACHTARÁN NUS-USI agus í ag labhairt ón urlár, nuair a bhí sí ar an ollscoil, gur léir gur beag luach a chuir údarais na hollscoile ar an Ghaeilge ná ar na healaíona agus ar na daonnachtaí thuaidh nó theas.

Dúirt Ní Dhaimhín go mbraitheann sí cé go bhfuil sé ceart go bhfuil béim mhór ar an ghá atá le fíis de sheirbhís náisiúnta sláinte a fhorbairt, saor in aisce ag an pointe seachadta mar chuid den pointe díola d’aontacht na hÉireann, ach go gcaithfear díriú go mór fosta ar sheirbhís oideachais náisiúnta a fhorbairt, saor in aisce ag an pointe seachadta ón réamhscoil go dtí leibhéal na hollscoile beag beann ar aois.

D'fhreagair an tOllamh O'Neill ag rá ' Is sampla iontach é Grian d'fhás na Gaelscolaíochta, áit a bhfuil an oiread sin Gael óg ag teacht chun tosaigh anois, lán de dhíograis agus de mhúinín agus ag glacadh poist cheannaireachta inár bpobail'.

Dúirt O'Neill, ag tagairt d'Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge le déanaí gur 'daoine óga ar fad (a bhí i láthair), rud atá thar a bheith spreagúil mar mhúinteoir'. Dúirt sé go bhfuil 'an spleodar agus an mhúinín i gcuid mhaith dár ndaoine óga le feiceáil san oideachas tríú leibhéal'.

Dúirt O'Neill, 'Athraíonn curaclaim an t-am ar fad agus go bhfuil go leor cúiseanna eacnamaíochta ann do churaclam ollscoile; feasacht a mhéadú ar an tairbhe a bhaineann le torthaí idir AHSS agus ábhair laistigh de spás STEM, mar shampla. Ní bhainfidh an saol amach anseo le haon disciplín amháin; ach deiseanna foghlama measctha a chur ar fáil'.

Dúirt Tim McCann agus é ag labhairt ón urlár, 'Ó mo thréimhse ag obair in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste mar Oifigeach Brandála agus Margaíochta, bhí deacrachtaí móra agam comharthaíocht dhátheangach a fháil. Ní dhéanann ollscoileanna a ndóthain d'fhéiniúlacht/teanga na hÉireann - ach cuireann an chuid eile de na náisiúin Cheilteacha an teanga agus an fhéiniúlacht chun cinn'. Tá McCann ag obair sa ról céanna d'Ollscoil i mBeannchar i dTuaisceart na Breataine Bige faoi láthair - agus dúirt sé go bhfuil "difríocht mhór idir an dóigh a ndíolann an bheirt acu a gcultúr agus a dteanga".

Dúirt Frank Martin leis an chruinniú go bhfuil sé 'ag obair ar feadh na mblianta in earnáil an oideachais'. Tháinig Máirtín go dtí an Srath Bán i 1974. Creideann sé go gcaithfidimid 'breathnú ar an oideachas ar bhealach iomlánaíoch agus difriúil agus an córas oideachais deighilteach atá ann a dhíchóimeáil, le haontú, beag beann ar reiligiún'. Dúirt sé, "Níl Gaeilge agam ach ba bhreá liom í a bheith agam - féachaimis ar an phictiúr mhór. Má labhraímid faoi Éire a aontú, ní mór dúinn tosú ag cur aithne ar a chéile - ionas go mbogfaimid mar dhaoine aontaithe nuair a bhogaimid ar aghaidh. Caithfear breathnú ar Éirinn nua ar bhealach iomlán difriúil - tá gach rud scriosta ag an chríochdheighilt agus is é an córas oideachais reatha nach bhfuil oiriúnach don fheidhm atá leis, an chéad rud ba cheart a dhéanamh".



Cad é mar a bheadh torthaí sláinte níos fearr i gcomhthéacs Uile-Éireann?

Dúirt an Dr Brendan O'Hare, dochtúir teaghlaigh agus bainisteoir seirbhíse sláinte, 'Dá n-iarrfaí ar dhaoine cur síos a dhéanamh ar chóras sláinte foirfe, seirbhís aonchineálach a bheadh ann do dhaoine 7-8 milliún duine agus naisc mhaithe iompair; a bhfuil mais riachtanach aige le gur féidir seirbhís ar ardchaighdeán a fhorbairt'. Creideann O'Hare go bhfuil daonra an tuaiscirt róbheag faoi láthair le réimse iomlán seirbhísí a chothú nó gairmithe leighis riachtanacha a mhealladh.

Dúirt sé go bhfuil ciall le seirbhísí a phleanáil agus a eagrú ar bhonn uile-Éireann'. Thagair O'Hare don mháinlia croí do pháistí a bhíodh lonnaithe i mBéal Feirste ach nach féidir duine a fháil ina áit anois; ceantar a bhaineann tairbhe as a bheith nasctha le Baile Átha Cliath mar cheantar sláinte anois, mar speisialtacht atá ar fáil do gach duine ar ár n-oileán.

Leag O'Hare béim ar an 'easpa cumais ó thuaidh do mháinliacht ortaipéideach (cromáin & glúine)'. Luaigh sé an Cross Border Directive, scéim de chuid an Aontais Eorpaigh a chuir ar chumas go leor daoine ar liostaí feithimh a gcuid obráidí a dhéanamh ó dheas. D'áitigh sé ar CTRanna é seo a chur ar bun arís.

Dúirt O'Hare, 'I dtús na n-ochtóidí' gur cuireadh go hAilt Uí Dhoibhleacháin é mar mhac léinn. Luaigh sé cás 50% d'othair scothaosta atá ag fanacht le cromáin a fháil in Inis Eoghain ag fáil bháis mar go gcaithfí iad a bhogadh/cóir leighis a chur orthu i mBaile Átha Cliath ach thit sé sin go dtí 4% nuair a bhí cóir leighis á cur orthu in Ailt Uí Dhoibhleacháin.

Creideann O'Hare nach bhfuil 'aon bhacainní ar a bheith ag obair ar an dá thaobh den oileán laistigh de réimse na sláinte', an t-aon mhíbhuntáiste nó áirithint a bhí aige ná an 1.8 milliún duine ó thuaidh a bheith dingthe go daingean le coincheap an tsaorchúraim sláinte ag pointe an tseachadta agus an coincheap a bhaineann le hóc as cuairteanna dochtúirí teaghlaigh/A&E nó as oideas.

Dúirt an Dr Kieran Kennedy chomh maith 'Dá mbeadh aontacht ann, d'fhéadfaimis smaoineamh ar réiteach sásúil de chineál éigin ó thaobh seirbhís mhaith sláinte a chur ar fáil do gach saoránach. Má táimid ceithre huair níos fearr as taobh istigh d'Éirinn aontaithe; beidh torthaí i bhfad níos fearr ann do shláinte ár saoránach go léir'.

Thagair Michelle Canning don chur i gcrích maidir le cumas cúraim ailse a neartú laistigh de chreat Uile-Éireann. Mar shampla, is sampla iontach é an tlonad Cúraim Ailse in Ailt Uí Dhoibhleacháin den dóigh ar féidir le cúram sláinte a eagraítear ar bhonn uile-Éireann torthaí sláinte níos fearr a sholáthar.

Tháinig tuairim eile ón urlár ó Aodhán Harkin, oibrí pobail agus fathach i saol an CLG. Thug Harkin léargas ar an dóigh a bhfuil an Srath Bán fós ar cheann de na ceantair is díothaí ó thuaidh. Dúirt sé, 'I mBarda Thoir an tSratha Báin (Ceann Cheantar Shráid an Bhaile/an Droichid) - léiríonn staitisticí ó NISRA go mairfidh fear ocht n-uair níos faide nó bean seacht n-uair níos faide má tá sé lonnaithe sa Dún Thuaidh, i gcomparáid le bheith lonnaithe i mBarda Thoir an tSratha Báin. Díothacht agus scrios eacnamaíochta ba chúis leis sin, a dúirt sé.

Dúirt Harkin gur chas sé le Ceannasaí na Státseirbhíse Jane Brady le déanaí; d'inis muid di gur fhág an traen dheireanach an Srath Bán i 1965. Dúirt sé, 'Níl mé ag caint ó thaobh Poblachtánach/Náisiúnach de, ach go bhfuil ciall le hÉirinn aontaithe ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, agus ó thaobh sláinte/oideachais de'. D'impigh sé fosta ar na Gaeil eile a bheith taobh thiar de Ghaeil le Chéile, a bhfuil litir seolta acu chuig an Taoiseach ag éileamh go mbunófaí Tionól Saoránach ar Aontacht na hÉireann.

Dúirt Kieran McCullagh, 'Is rud maith é an t-athrú. Tá an NHS ar a ghlúine faoi láthair. Caithfidimid labhairt faoi chóras stíle uile-Éireann NHS, mar go bhfuil an NHS reatha á scrios ag polasaithe na dTóraithe. Tá sé d'acmhainn againn an t-oileán seo a athrú do na daoine a thagann inár ndiaidh chomh maith. Ba cheart go mbeadh NHS Uile-Éireann mar sprioc'.

Dúirt an Dr Brendan O'Hare, 'Ní fíor don choincheap go réiteoidh Éire aontaithe fadhbanna reatha thuaidh agus theas. Caithfidimid a bheith réalaíoch. Tá liostaí feithimh ó dheas chomh holc faoi láthair. Is córas príobháideach é agus córas bunaithe ar árachas d'fhormhór an daonra go bunúsach; ach tá na fadhbanna céanna ag an earnáil phoiblí ar fud na hÉireann, lena n-áirítear costais agus éileamh atá de shíor ag ardú mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois'. Dúirt O'Hare go raibh sé ina chomhpháirtí sinsearach i gCaisleán na Deirge, i gcleachtas le 17,000 othar. Bhíodh 11 nó 12 dochtúir teaghlaigh acu ag cur seirbhísí ar fáil, ach nach bhfuil fágtha anois ach 5 dochtúirí teaghlaigh mar nach féidir linn iad a fháil ar ór na cruinne.'

Dúirt sé go raibh ar chleachtais i nDoire a gconarthaí a thabhairt ar ais. Tá fadhbanna den chineál céanna ann sna 26 contae. Éilíonn sé obair / infheistíocht agus ag fiafraí cén fáth ar mian le gairmithe sláinte gaolmhara taisteal chun na hAstráile. Tá an scoil leighis i Magee fíor-dhearfach; beidh go leor acu ag obair laistigh de 30-40 míle de'.

Dúirt Annette Kelly go raibh sí 'gafa le meabhairshláinte agus folláine ó 2015, mar gheall ar mo streachailt féin'. Dúirt sí, 'Tá an saol mar atá doiligh. Baineann cuid mhór de seo le dáimh leis an phobal agus gabhaim buíochas i gcónaí gurb as an Charraig Mhór mé. Domsa, níl difear ar bith eadrainn mar dhaoine agus is sinne an acmhainn is mó atá ag a chéile. Caithfidimid breathnú orainn féin agus ar ár dteaghlaigh féin agus na comhráite seo a bheith againn ag ár dtáblaí agus i measc ár bpobail. Caithfidh daoine 'freagracht a ghlacadh' agus oideachas a chur orthu féin. Ní fheicfeá anseo mé dhá bhliain ó shin. Níor mhothaigh mé go dtiocfadh liom a bheith i mo phainéal. Nuair a dhíríonn tú an mhéar, beidh trí mhéar á ndíriú- bain úsáid as do ghuth le haghaidh leas sóisialta agus athrú sóisialta chun feabhais. Is féidir leis an pholaitíocht a bheith ina ábhar eagla do dhaoine. Táimid ag bogadh sa treo ceart. Is féidir linn breathnú air seo mar amanna corraitheacha, nó ina ionad sin, amanna spreagúla deiseanna. D'fhéadfaí constaicí nó deiseanna, fadhbanna nó féidearthachtaí a bheith ann. Baineann sé le do dhearcadh, le do mheon, le do thuairim, le do chreideamh agus leis an mhisneach gníomhú, le hathrú, le dúshlán a thabhairt agus leis an chomhrá a dhéanamh'.

Dúirt Kieran McCullagh gur chreid sé, 'Tá gá agus deis ann córas nua sláinte a chruthú don oileán ar fad'.

Dúirt Malachy O'Neill, 'An t-am seo an bhliain seo chugainn beimid ag fáil faoi réir don chéad chéimniú ó scoil leighis Mhig Aoidh, le 70 dochtúir nua. Ba chóir go bhfanfadh 70% -80% taobh stigh de raon 20 míle. Tá oiliúint bhreise ar mhic léinn i ngairmeacha sláinte gaolmhara, raideolaíocht, oinceolaíocht, OTanna ar fad ag traenáil i nDoire - agus ba cheart go mbeadh tionchar dearfach aige sin ar an lathuaisceart ar fad.

Cad iad na buntáistí eacnamaíocha a bheadh ag aontacht na hÉireann?

Dúirt an Dr Kieran Kennedy, ‘I 1979 bhí thart ar 30 duine ag obair in O’Neills. D’fhág mé Scoil na mBráithre Críostaí san Ómaigh ag 16, agus fuair mé post in O’Neills agus dúirt mé go mbeinn i gceannas ar an áit lá éigin. Ghlac mé seilbh air i 1988. Ag an am sin (1970idí), bhí an dífhostaíocht sa Srath Bán ag 30%, ceantar ar dífhostaíochta in Iarthar na hEorpa a bhí ann’. Dúirt Kennedy go ndeachaigh sé ‘ar thuras pearsanta le hiarracht a dhéanamh fostaíocht a fhorbairt sa Srath Bán’. Leag sé béim ar an teacht aniar atá i ndaoine sa réimse seo. Tá O’Neills i ndiaidh bogadh go 1600 troigh cearnach agus i bhfad níos mó fostaithe, anois ag 750, taobh istigh de chúpla bliain.

Agus é ag cur béime ar staitisticí a bhaineann leis an bhochtaineacht, dúirt Kennedy, ‘Tá críochdheighilt Thuaidh-Theas againn ach tá críochdheighilt Thoir-Thiar ina leith seo fosta’. Bhí Kennedy ‘thar a bheith sásta gur labhair an tAire Geilleagair Conor Murphy faoi spriocanna réigiúnacha’. ‘Níl sé inghlactha go mbíonn an Srath Bán in áit na leathphingine i gcónaí. Creidim go mór an méid a dhéantar a thomhas - mar sin más féidir linn na spriocanna sin a bhaint amach, go háirithe don Iarthuaisceart le go mbeidh muid chomh maith le hOirthear an chúige. Mura bhfuil siad á gcur i bhfeidhm nó á mbaint amach, ní mór dúinn a fhiafraí cén fáth. D’aon ghnó níor theastaigh ó Fheidhmeannais roimhe seo spriocanna a bheith acu; mar gur léirigh sé sin an tionchar atá ag a bpolasaithe ar an Iarthar’.

Dúirt Kennedy go ndeachaigh sé ‘go Páirc Ghnó i Leitir Ceanainn, agus gur bhraith sé gur domhan difriúil a bhí san eastát tionsclaíochta seo - an t-infreastruchtúr agus na foirgnimh. ‘An fhís a bheadh agamsa amach anseo ná an mhacasamhail seo a fheiceáil ar fud an Iarthuaiscirt agus an tuaiscirt chomh maith’.

Dúirt Greg Gillespie agus é ag labhairt ón urlár, ‘Tá an domhan athraithe. Is féidir linn na buntáistí a bhaineann le hÉirinn aontaithe a fheiceáil. Is é an rud is gá dúinn a bheith ag féachaint air ná an dóigh ar féidir linn gach duine a mhealladh sa treo sin. Bíim ag obair i nDún na nGall agus is é an t-aon chomhrá faoin pholaitíocht ná cúrsaí baile, ar nós seirbhís sláinte/cánacha. Is annamh a bhíonn comhráite eile ann. Níl a fhios ag aon duine faoi cúlra an duine eile agus is cuma leo. Cuireann na 26 contae fáilte mhór roimh dhaoine de gach náisiúntacht/reiligiún. Bhí muid thíos leis an chiníochas “No Blacks, No Dogs, No Irish”. Tá cath ann ar son croíthe agus aigní na ndaoine - ní féidir linn daoine a bhrú i dtreo in Éireann aontaithe, ach is féidir linn an smaoineamh a dhíol leo faoin dóigh a rachadh Éire aontaithe chun tairbhe dóibh, dá muintir agus dá dtuarastal. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar faitíos aontachtaithe a cheansú agus caithfidh muid a chur in iúl go léireofaí meas ar a bhféiniúlacht i gcás Éire aontaithe’.

Labhair Hugh Devine, feirmeoir áitiúil. ‘Tá suim agam san fheirmeoireacht. Is beag an tuiscint atá ar an tairbhe a bhaineann le hÉirinn aontaithe i gcúrsaí feirmeoireachta. Ó d’fhág muid an tAontas Eorpach, fágadh muid in áit na leathphingine sa phobal feirmeoireachta. Ní labhraítear faoin difríocht sna 26 contae anseo, ach polasaí uile-Éireann i leith na feirmeoireachta - caithfear meas agus brú a chur ar an tionscal is mó ar an oileán ar fad.

Dúirt Devine go raibh aithne aige ar go leor feirmeoirí Protastúnacha, go n-oibríonn sé leo agus go labhraíonn sé gach lá. Creideann sé go bhféadfaí go leor acu a mhealladh go háirithe agus an frustrachas atá orthu maidir leis an dóigh a bhfuil rudaí ó bhí an Breatimeacht ann. Dúirt Devine go ndeachaigh sé go Scoil Cholmáin agus nár mhúin siad stair na hÉireann dóibh. Tá sé ag feirmeoireacht ó d’fhág sé an scoil. Is deacair an ghlúin óg a spreagadh le teacht i

mbun feirmeoireachta. Bhí athruithe Michelle O'Neill mar Aire Talmhaíochta ríthábhachtach. Leag sé béim ar an Íocaíocht Aonfheirme, atá ag brath anois ar an méid atá Rialtas na Breataine chun a thabhairt dúinn agus ní ar an méid a fuair muid ón Eoraip.

Dúirt Devine, 'Gealladh an méid céanna dúinn, ach tá an chuma ar an scéal nach ndéanfar aithris air sin. Íocaíocht eile atá go fóill á híoc sna 26 contae is ea an Limistéar Srianata Náisiúnta (Íocaíocht ANC), íocaíocht a baineadh ó thuaidh in 2015. Chuir Declan McAleer brú mór air é a chur ar ais, ach tá súil againn nuair a athbhunófar Stormont, go mbrúfar arís é sin, agus beidh sé seo ina chuidiú d'fheirmeoirí cnoic cosúil linn féin'.

Dúirt Paul Houston, 'nach é saorstát 32 contae an rud atá uainn'. Mhol sé a bheith cúramach maidir le maíomh faoi gheilleagar an deiscirt, 'nuair nach bhfuil infreastruchtúr faighte againn go fóill, ar nós bóithre réasúnta nó easpa línte traenach atá ann cheana féin. Más gá dúinn beagán a íoc as cúram sláinte, bíodh sin mar atá'.

Dúirt sé go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an easnamh infreastruchtúir in Éirinn nua i gceantair ar nós an Iarthuaiscirt le forbairt eacnamaíochta a chinntiú. 'Tá an lucht oibre mar an gcéanna is cuma carb as muid'.

Luaigh Carmel Farrell gur fhreastail sí ar Thionól na mBan i mBéal Feirste a d'eagraigh an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann. Bhí iontas an domhain uirthi faoin líon ban ó chúrla aontachtach a bhí i láthair agus iad sásta ceisteanna tábhachtacha in Éirinn nua a phlé. Dúirt Farrell go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh guthanna na mban lárnach sa díospóireacht atá ag forbairt. Tuigeann sí 'nár labhair aon mhná seachas Grian anocht. Is í seo an tír is measa le maireachtáil inti ar mhaithe le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní.' Dúirt Farrell nach gá duit teacht chuig cruinniú chun do thuairim a fháil. Is féidir leat scríobh chuig an Choimisiún nó ceisteanna a chur, nó tuairiscí a iarraidh - go háirithe chun a chinntiú go gcuirtear na hábhair inní atá ag mná na tíre in iúl in Éirinn aontaithe.

Dúirt **duine eile ón urlár**, 'Creidim in Éirinn aontaithe; ach is iad na daoine is gá dúinn a mhealladh ná iad siúd atá scoite amach toisc go bhfuil siad saibhir agus nár mhaith leo go gcuirfí isteach orthu

D'fhreagair an Dr Kieran Kennedy. 'Tubaiste ba ea an Breatimeacht, a dúirt sé. Tá sé ríthábhachtach go dtiocfaimid ar ais isteach san Aontas agus sa gheilleagar ollmhór sin. Bhí baint agam leis an idirbheartaíocht faoin Bhreatimeacht agus bhuaill mé le Boris Johnson maidir leis an Windsor Framework mar chuid de thoscaireacht'. D'fhiafraigh sé, 'Cén fáth ar vótáil daoine ar son an Bhreatimeachta?'. Ba é an freagra feachtas margaióchta cliste an Rialtais Choimeádaigh. 'Vótáil daoine ar son na sláinte, agus dúradh leo go gcuirfí airgead suntasach isteach sa tseirbhís sláinte'.

Dúirt Kennedy, 'Má théimid ar ais san Eoraip, ó thaobh cúrsaí gnó de, níl sé mealltach faoi láthair don FDI gan athaontú agus filleadh ar an AE'.

Dúirt sé 'le daoine a mhealladh caithfidh sé a bheith bunaithe ar fhíricí agus ar fhianaise - torthaí sláinte agus eacnamaíocht'. Mhol sé feachtas margaióchta le dúshlán na ndaoine atá ina éadan seo a thabhairt trí 'fíricí agus fianaise' a úsáid. Creideann Kennedy gur bealach díreach ar ais isteach san AE é aontacht na hÉireann'.

Cén fhís atá agat chun Eire nua agus saol níos fearr amach anseo a bhaint amach dár ndaoine óga?

Leag Malachy O'Neill béim ar an tábhacht a bhaineann leis an áit a dtagann breisoideachas agus ardoideachas le chéile. ‘Tá Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt againn’, agus an caidreamh atá aige sa phobal. Luaigh sé an t-ardán a cruthaíodh do dhaoine idir óg agus aosta, le dul isteach san oideachas nó dul isteach san oideachas in athuair. Leag O'Neill béim ar an ‘chonair idir bunscileanna-printiseacht-céim iarchéime’. Dúirt sé go mbeidh slí mhaireachtála níos rathúla mar thoradh ar an chumann agus ar an dáimh le háit agus lenár muintir féin - i ndeireadh na dála’.

Dúirt Annette Kelly, ‘Spreagann fíricí gníomh de réir mar a chruthaíonn sé feasacht, agus spreagfaidh na buntáistí comhchoiteanna a bhaineann le fíis chomhroinnte don rathúnas agus deiseanna níos fearr do leanaí atá ag fás aníos athrú’. Dúirt Kelly, ‘Tá mé dóchasach, ach ba chóir dúinn díriú isteach air agus feasacht a chruthú inár measc féin. Is féidir le daoine le chéile athrú a chruthú’.

Dúirt an Dr Brendan O'Hare, ‘Is féidir pobail tuaithe a leithlisiú. Tá deis ar leith ann planáil a dhéanamh do sheirbhís sláinte den chéad scoth’. Is féidir linn ‘breathnú ar áiteanna cosúil leis an Astráil, agus an dóigh ar féidir linn an chuid is fearr de sin a chur i bhfeidhm - le réabhlóid a dhéanamh ar an bhealach a chuirtear cúram sláinte ar fáil’.

Dúirt duine ón urlár ‘Má thugann Sinn Féin daoine a bhfuil spiorad fiontraíochta acu ar bord, is féidir linn dul chun cinn a dhéanamh. Dá mbeadh an buiséad airgeadais ar fáil do chúrsaí sláinte ag Michael O'Leary anseo, is dócha go bhfaighfeá toradh i bhfad níos fearr fós ar infheistíocht chaipitil. Is iontach an rud atá bainte amach ag Kieran don Srath Bán i m'intinn’.

Dúirt an Dr Kieran Kennedy go raibh baint aige ‘le cathaoirleacht a dhéanamh ar Sheirbhís Oilíúna an tSraitha Bán le breis agus 30 bliain. Tá sé mar aidhm aige seans a thabhairt do dhaoine óga. Tá os cionn 450 printiseach ar ár leabhair faoi láthair, fostaithe. Tugaimid scileanna/uirlisí/muinín dóibh chun iad féin a fhorbairt. Tá beagnach 200 duine idir 16-18 mbliana d'aois ar an chlár scileanna don saol agus don obair. Tugann muid fostaíoch dóibh nó cuireann muid amach chuig fostóirí eile iad.

‘Tá saincheisteanna ag baint le 70% acu, a bhaineann le bochtanas, andúil, teaghlach scartha, srl. - Tugann muid dóchas agus deis dóibh, áit a bhfuil siad tréigthe ag an chóras oideachais foirmiúil’.

Tá siad ‘bainteach go mór leis an phróiseas scileanna’. Dúirt Kennedy gur ‘chreid sé go mór agus é ag féachaint ar FDI, rud a d'fhág gur éirigh chomh maith sin leis na 26 Contae.’

Dúirt sé go bhfuil na staitisticí do chomhlachtaí sna 26 Contae, a bhfuil os cionn 1,000 duine fostaithe iontu, os cionn 50 bliain d'aois. Tá nideog ag Ollscoil Uladh i Fin-Tech. Tiocfaidh FDI go dtí an áit a bhfuil na scileanna. Ní féidir linn fíis a chailleadh go mbaineann sé le daoine a sciliú le freastal ar sholáthar agus éileamh agus freastal ar ghanntanais reatha i réimsí ar leith. Caithfidh iarracht a dhéanamh glacadh le scileanna. Ní bhaineann sé i gcónaí le dul ar an choláiste, níl sé ag fóirstean do gach duine. Tá sé chomh maith dul i dtreo gairme. Tá ganntanas mór scileanna san earnáil tógála. Bhí tionchar ag an Bhreitheacht ar ár gcumas chun daoine ó thíortha eile a thabhairt isteach chomh maith, gan a bheith in ann pá 30,000 a chinntiú. Ní mór dúinn tacú lenár monaróirí dúchasacha agus iad a fhás.

Dúirt Grian Ní Dhaimhín, ‘Tá mé ar dhuine de na daoine sin atá i bhfiacha tar éis na hollscoile. Níl aiféala orm faoi seo. Creidim i bhforbairt seirbhíse oideachais náisiúnta - rud a chiallaíonn gur chóir go mbeadh oideachas saor in aisce ag aon phointe iontrála (lena n-áirítear do mhic léinn atá ag filleadh). Má théann tú síos bealach amháin agus má fhaigheann tú printíseachtaí, nó má théann tú bealach an bhreisoideachais nó bealach an oideachais tríú leibhéal, ba chóir go mbeadh sé sin ar fáil duit. Dúirt Ní Dhaimhín go bhfuil sí ag obair mar chúntóir ranga. ‘Ba mhaith liom dul ar ais go dtí an ollscoil - ach níl sé inmharthana ó thaobh airgid de athoiliúint a dhéanamh le bheith i mo mhúinteoir’.

Tá Ní Dhaimhín ‘ina cónaí sa bhaile le mo thuismitheoirí agus mo dheirfiúr’. Síleann sí go bhfuil sé deacair ‘a shamhlú riamh go mbeidh mé in ann bogadh amach as teach mo thuismitheoirí’. Dá bhféadfadh Google a gcáin chorparáide íseal 12.5% a bhunú agus a íoc, ní chiallaíonn sé mórán domsa mura bhfaighim pá réasúnta sa bhaile seo.’

Theastaigh uaithe ‘smaointe daoine a chloisteáil maidir le córas náisiúnta oideachais a chruthú, saor in aisce ag an phointe seachadta ag am ar bith agus ina bhfuil teacht ar iontráil ag leibhéal áitiúil’.

Dúirt duine eile ón urlár as Dún na nGall go raibh cónaí air i gceantar tuaithe. Dúirt sé go bhfuil sé deacair a chur ina luí ar dhaoine freastal ar chruinnithe mar seo, le dearcadh ar nós ‘cad is féidir liom a dhéanamh’, ‘Ní maith liom an pholaitíocht’, srl. D’fhiafraigh sé, ‘Cén dóigh a meallann tú daoine? Tá fíricí agus fianaise in easnamh’. Bhí sé ag iarraidh go gcuirfí tuilleadh fíricí agus fianaise ón chruinniú seo le daoine cosúil leis féin a mhealladh toisc go bhfuil go leor daoine sna 26 Contae ar nós cuma liom.

Celia Ferguson ‘Ar bhonn pearsanta, mothaím gur tragóid atá sa Bhreathimeacht. Chaith mé cuid mhaith de mo shaol i mo chónaí ar mhórthír na hEorpa’. Tá sí ina cónaí anois i Muilte an tSiáin; Tharraing sí aird ar litir ó dhuine a bhí ina Stiúrthóir ar Mhuileann Herdman os cionn 100 bliain ó shin. Deirtear sa litir go raibh iontas air faoi na fir thráchtála ar fad san Iarthuaisceart agus gur ‘tubaiste’ a bheadh sa chríochdheighilt.

Dúirt Ferguson, ‘Tá muid sa chás chéanna anois is a bhí ansin’, agus ‘tubaiste eacnamaíochta eile a bhí sa Bhreathimeacht. Creideann Ferguson gur cheart dúinn ‘breathnú ar an chóras sláinte san Iorua’ agus go bhfuil iompar, cumarsáid agus bonneagar ríthábhachtach fosta d’fhorbairt amach anseo.’



Dúirt rannpháirtí eile , ‘Ba chóir dúinn a bheith an-bhródúil as an aos óg, is pobal iontu féin iad agus ní amharcann siad orthu féin mar Chaitliceach ná Protastúnach’. Dúirt an rannpháirtí, ‘ní mór dúinn feabhas a chur ar na teachtaireachtaí agus a chur in iúl nach mbaineann sé seo le pobal amháin ach le gach duine. Is iad na daoine óga a thiomáinfidh an feachtas/an fhís seo chun cinn’.

Dúirt Tim McCann, ‘tá sé cruthaithe arís agus arís eile ag Stát na Breataine gur cuma leis faoin chuid seo den domhan. Rinneadh an Breatimeacht a bhrú orainn in ainneoin gur dhiúltaigh an móránmh dó. Tá na hearnálacha ar fad atá á bplé anocht fite fuaite ina chéile. Caithfidimid Éire aontaithe a dhíol. Ní gá go ndéanfaí Éire Nua ar an dóigh chéanna a ndearnadh rudaí roimhe seo; ach caithfidh muid breathnú ar chúrsaí oideachais, ar an tsláinte, ar an gheilleagar agus ar an dóigh ar mhaith linn iad seo agus Éire a bheith i gceann 20 bliain’.

Dúirt Aodhan Harkin , ‘Tá baint againn le tionscadail dea-chaidrimh, áit a dtugann muid cuairt ar shuíomhanna éagsúla. Ceann de na turais rialta atá againn ná na línte síochána i mBéal Feirste, le hiarphríosúnaigh Phoblachtánacha/Dhílseacha’. Dúirt Harkin, ‘Má tá aon duine ag iarraidh díothacht shóisialta a fheiceáil ag an leibhéal is airde, is féidir leat cuairt a thabhairt ar Bhóthar na Seanchille fosta. Is measa i bhfad é ná an Srath Bán, toisc go bhfuil geatóirí an phobail ag coinneáil daoine siar.

Focal scoir:

D’fhiafraigh Michelle Canning den phainéal cén chuma a bheidh ar Éirinn Nua amach anseo?

Dúirt Malachy O’Neill gur comhartha dearfach a bhí in athbhunú Stormont leis an Chéad-Aire agus an Leas-Aire, chomh maith le beirt airí sóisearacha ar mná iad ar fad agus ó chúlraí éagsúla ag obair as lámha a chéile. Comhartha an-spreagúil a bhí ann le linn na seachtaine roimh Lá Idirnáisiúnta na mBan. Ba chóir go mbeadh an dóigh a gcaithimid lena chéile mar dhaoine ar bharr an liosta maidir leis an dóigh a dtéimid ar aghaidh.

Dúirt an Dr Kieran Kennedy, ‘Ní mór dúinn a thaispeáint go mbeidh torthaí níos fearr ag Éirinn Nua do chách agus an teachtaireacht seo a dhíol go tréan - poist/oideachas/sláinte. Baineann sé le deis dár ndaoine óga in Éirinn aontaithe; oideachais agus fostaíochta. Ní mór dúinn comhrá a bheith againn agus gach duine a thabhairt linn; breathnú ar an fhianaise agus na buntáistí a chur in iúl do dhaoine agus iad a mhealladh. Smaoineoidh daoine ar a sláinte agus ar a saibhreas. Ní fheicim aon rud ach dearfach agus caithfidimid a bheith le chéile agus an tionscadal seo a dhíol. Tá sé seo ann do gach duine ó thuaidh’.

Dúirt Annette Kelly “Ni neart go cur le chéile”, agus deir sí go bhfuil teachtaireachtaí dearfacha ríthábhachtach chun buntáistí agus deiseanna Éire Nua a dhíol.

Dúirt sí gurbh é sin, ‘Ceann de na nathanna ab ansa liom inár dteanga dhúchais. Creidim é sin a rá le gach duine. Shiúil mé isteach agus faitíos orm cé acu a bheadh fearg nó dearfach romham. Tá sé go hiontach an comhrá a oscailt agus tá go leor foghlamtha agam féin tráthnóna. Is féidir linn dul i ngleic le todhchaí na síochána, na deise, an athraithe, an fháis agus tá mé ag smaoineamh ar mo neachtanna agus mo nianna. Tá mé 34 bliain d’aois agus d’fhás mé aníos faoi phribhléid go leor ó thaobh deiseanna a bheith agam. Téann na focail Éire Nua i bhfeidhm orm, agus chun margaíocht a dhéanamh beidh gá leis an scéal a scaipeadh agus comhrá a bheith ann chun an gníomh a chruthú. Is saothar spreagúil é an todhchaí a shamhlú’.

Dúirt an Dr Brendan O'Hare gur féidir le hÉirinn Nua teacht chun cinn aníos i sochaí imeasctha ina bhfuil comhionannas deiseanna ann do chách agus ina bhfuil seirbhís sláinte uile-Éireann comhtháite againn.

'Dúirt mo mhac go dtí go bhfaigheann mo ghlúin bás, ní tharlóidh dul chun cinn dáiríre. Tá ochtar garpháistí agam agus ba mhaith liom go bhfásfadh siad aníos i sochaí chomhtháite, ar a suaimhneas leis féin, le deis agus rathúnas agus seirbhís sláinte den chéad scoth forbartha chun aire a thabhairt dóibh'.

D'iarr Michelle Canning ar gach duine a bhí i láthair seó lámh a chur in airde dá dtacódh siad leis an éileamh go mbunódh rialtas na hÉireann Tionól Saoránach ar cheist aontacht na hÉireann. Bhí taispeántas d'aon ghuth de lámha ag tacú leis!

Conclúid

D'éirigh thar barr le Tionól an Phobail in Iarthar Thír Eoghain. Bhí an-fhreastal ar an imeacht ag daoine ó raon de chúlraí éagsúla.

Bhain na tuairimí ón urlár amach leis an ghá le seirbhís sláinte poiblí uile-oileáin a thógáil, go dtí an gá atá le hathmhachnamh a dhéanamh ar oideachas ar fud an oileáin lena n-áirítear cáilíochtaí a chomhchuibhiú agus aghaidh a thabhairt ar tearcghnóthachtáil oideachais agus deighiltí in aicmí áirithe san oideachas.

Pléadh deiseanna ollmhóra an gheilleagair uile-oileáin agus ba léir an dóchas a bhraitheann daoine don saol amach anseo gan chríochdheighilt.

Tá cainteanna ar Aontacht na hÉireann i lár an aonaigh anois agus tá an t-éileamh ar an reifreann aontachtach atá mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta ag fás.

Tá rialtas na hÉireann ina chomh-ráthóir ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá freagracht air an Comhaontú a chosaint agus a chur chun cinn agus ní mór pleanáil don todhchaí a bheith mar chuid de. Déanaimid go léir pleanáil don todhchaí inár saol. Caithfidh rialtas na hÉireann éirí as bac a chur leis seo.

Tá sé ríthábhachtach go gcruthóidh na daoine againn atá ag iarraidh Éire aontaithe spás dóibh siúd atá ina choinne nó dóibh siúd nach bhfuil cinnte faoi, a bheith mar chuid den chomhrá ar aontacht.

Is léir go bhfuil líon méadaitheach daoine ó chúlra aontachtach ag ceistiú a dtacaíochta don aontas agus i gcásanna áirithe tá Éire aontaithe ina ndearcadh polaitiúil.

Tá Éire nua agus aontaithe á lorg ag Sinn Féin. Teastaíonn uainn Éire atá cóir, cothrom agus comhionann a thógáil, Éire atá rathúil go heacnamaíoch agus atá cuimsitheach go sóisialta agus go cultúrtha. Is mian linn ár ndaoine is leochailí, daoine scothaosta, leanaí, daoine breoite, mionlaigh eitneacha, iad siúd atá faoi mhíchumas a chosaint - agus a chinntiú gurb é an comhionannas an caighdeán ar a ndéantar gach beartas a fhorbairt.

AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA HÉIREANN
TIONÓL AN PHOBAIL- IARTHAR THÍR EOGHAIN 27 FEABHRA 2024

Ar deireadh, iarrann Sinn Féin achomharc ar gach saoránach ar spéis leo féidearthacht agus acmhainneacht Aontacht na hÉireann a bheith gníomhach ar an cheist seo. Glac páirt sa chomhrá. Is am spreagúil é seo dúinn go léir; lán de dheiseanna agus dóchais do thodhchaí níos fearr.

